



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ceisteanna Coitianta faoi Chiorclán 0019/2019

Socruithe foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2019/20

Feabhra 2019

Ba chóir an doiciméad seo a léamh i gcomhthéacs Chiorclán 0019/2019.

Leithdháiltí

1. An scríobhfaidh an Roinn chuig mo scoil maidir lena soláthar foirne don scoilbhliain 2019/20?

Is éard atá i gCiorclán 00XX/2019 ná fógra ón Roinn do gach scoil maidir lena leibhéal foirne don scoilbhliain 2019/20. Ceanglaítear ar scoileanna na socruithe sa Chiorclán a chomhlíonadh gan fógra aonair á chur ón Roinn chuig gach scoil.

2. Cá mhéad post príomhshrutha a bhfuil teideal ag mo scoil orthu?

Seiceáil an sceideal a bhaineann le do scoil in **Aguisín A** de Chiorclán 0019/2019, agus bain úsáid as rollú na scoile ar 30 Meán Fómhair 2018 lena fháil amach cá mhéad múinteoir ranga príomhshrutha a bheidh ag an scoil don scoilbhliain 2019/20.

Ba chóir do bhainistíocht scoile a thabhairt faoi deara nach gceadaítear úsáid a bhaint as acmhainní breise múinteoireachta a leithdháiltear ar scoileanna, mar shampla Múinteoir Oideachais Speisialta, poist lán-aimseartha EAL, etc, chun cóimheas idir daltaí agus múinteoir a laghdú, agus go gcaithfear iad a úsáid le haghaidh na tacaíochta ar leith mar a leithdháiltear í.

3. Tiofadh méadú suntasach ar rolluithe i mo scoil don chéad scoilbhliain eile. An ndéanfar soláthar ar bith dó sin?

Is féidir le scoileanna a réamh-mheasann go mbeidh méadú suntasach ar an rollú do Mheán Fómhair 2019 iarratas a chur isteach ar stádas scoile i mbéal forbartha. Tá na socruithe dó sin leagtha amach i gCuid 1 de Chiorclán 0019/2019.

4. Céard é an próiseas má tá múinteoir i mo scoil ar bronnadh (CID) air nó uirthi sa scoilbhliain 2019/20?

Caithfidh an Fhoirm Dearbhúcháin CID19 a líonadh amach (Aguisín G) agus í a chur faoi bhráid na Rannóige Leithdháileadh Bunmhúinteoirí faoin 21 Márta 2019.

5. Céard é an próiseas má tá múinteoir i mo scoil a mbronnfar CID air ag tús na scoilbhliana 2019/20?

Is gá Foirm CIDApp(19/20) (Aguisín H) a líonadh amach agus a chur faoi bhráid na Rannóige Leithdháileadh Bunscoileanna faoin 21 Márta 2019.

An Leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta

1. Conas a bheidh a fhios agam faoin leithdháileadh Múinteoir Oideachais Speisialta (MOS) atá agam?

Cuireadh in iúl do na scoileanna faoina leithdháileadh ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. In Aguisín C de Chiorclán 0019/2019, tá leagtha amach na poist lánaimseartha agus cothromaíocht na n-uaireanta atá ar fáil le haghaidh braislithe.

2. Cad a dhéanfaidh mé má mheasaim go bhfuil an leithdháileadh do Mhúinteoir Oideachais Speisialta a leagtar amach do mo scoil mícheart?

Chuir an NCSE an próiseas in iúl do scoileanna maidir lena leithdháileadh do Mhúinteoir Oideachais Speisialta a achomharc.

3. Scoil nuabhunaithe/nuachónasctha is ea mo scoil don scoilbhliain 2019/20. An bhfaighfidh mo scoil an leithdháileadh do Mhúinteoir Oideachais Speisialta?

Ríomhfaidh an Rannóg Oideachais Speisialta an leithdháileadh do scoileanna nuabhunaithe agus scoileanna nuachónasctha.

4. Bhí mo scoil i socrú braislithe maidir le Múinteoir Oideachais Speisialta (MOS) don scoilbhliain 2018/19. Cad a tharlaíonn don socrú braislithe sin?

Scoirfidh an bhraisle a bhí ag do scoil don scoilbhliain 2018/19 ag deireadh na scoilbhliana agus tá na huaireanta a léirítear do do scoil in Aguisín C ar fáil anois chun athbhraisliú a dhéanamh don scoilbhliain 2019/20.

Nuair a aontaítear an bhraisle nua idir na scoileanna (ní mór 25 uair an chloig ar an iomlán a bheith ann), ní mór don scoil bhunáite le haghaidh do bhraisle Foirm SETCcluster19 a chomhlánú, atá ar fáil in Aguisín D de Chiorclán 0019/2019, arb é an fógra don Roinn a thugann sonraí faoi do scoil agus faoi aon scoil eile atá sa bhraisle. Ní mór do gach scoil sa bhraisle an fhoirm a shíniú sula gcuirfidh an scoil bhunáite isteach í chuig an Roinn. Ní mór an fhoirm a chur isteach faoin 21 Márta 2019.

5. Tá líon ard daltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu i mo scoil. Cad iad na socrúithe do thacaíocht teanga do na daltaí sin?

Tugtar leithdháileadh Múinteora Oideachais Speisialta do gach scoil. Tá neamhspleáchas ag scoileanna maidir leis an tslí leis an acmhainn a úsáid idir tacaíocht teanga agus tacaíocht foghlama.

Coinneoidh scoileanna le post buan/poist bhuna sa Bhéarla mar Theanga Bhreise sa scoilbhliain 2018/19 an post/na poist sin don scoilbhliain 2019/20. Tá na scoileanna a fhaigheann na poist sin liostaithe in Aguisín C de Chiorclán 0019/2019. Ní bheidh aon phost buan breise sa Bhéarla mar Theanga Bhreise ceadaithe do scoileanna don scoilbhliain 2019/20.

Ina theannta is féidir le scoileanna le rollú ard de dhaltá EAL a bhfuil tacaíocht EAL de dhíth orthu (daltá a bhfuil inniúlacht níos lú ná B1 (Leibhéal 3) acu) achomharc a dhéanamh chuig an mBord Achomharc um Fhoireann Bhunscoileanna le haghaidh tacaíocht bhreise EAL. Tá incháilitheacht ar iarratas a chur faoi bhráid an Bhoird Achomharc teoranta do na scoileanna sin ina bhfuil 20% ar a laghad den rollú comhdhéanta de dhaltá a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu. Díreofar é seo go príomha ar líon na ndaltá a bhfuil tacaíocht EAL de dhíth orthu, a bhfuil níos lú ná trí bliana de thacaíocht EAL faighte acu. Is ar bhonn sealadach a leithdháilfidh an Bord Achomharc poist don scoilbhliain 2018/19. Féach Cuid 4 de Chiorclán 0010/2018.

6. Más rud é go raibh post tacaíochta teanga buan i mo scoil sa scoilbhliain 2018/19, an bhfanfaidh sé sa scoil in 2019/20?

Caithfidh.

Athlonnú Buanmhúinteoirí/Múinteoirí CID breise

1. Conas atá a fhios agam go bhfuil buanmhúinteoir/múinteoir CID breise i mo scoil?

Leagann Aguisíní A & C de Chiorclán 0019/2019 amach formhór na leithdháiltí d'fhormhór na scoileanna. Má tá níos mó múinteoirí sa scoil ná mar atá ceadaithe de réir do leithdháileadh, tá múinteoir(i) sa bhreis ar riachtanais na scoile.

2. Cad ba chóir dom a dhéanamh má tá buanmhúinteoir/múinteoir ar sealbhóir CID é/i i mo scoil?

Ba chóir duit a shocrú go gcuirfeadh Foirm an Phríomhphainéil (MPF) chomhlánaithe in **Aguisín E** Chiorclán 0019/2019 ar ais chuig Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne faoin 21 Márta 2019.

Is é/í an múinteoir incháilithe is sóisearaí sa scoil an chéad duine atá le cur ar an bpainéal lena (h)athlonnú chuig scoil eile. Mar sin féin, i gcúinsí eisceachtúla is féidir leis/léi cead an Bhoird Bainistíochta a lorg le múinteoir incháilithe eile a bheith curtha ar an bpainéal ina (h)ionad.

Má lorgaíonn an múinteoir incháilithe is sóisearaí go ndéanfaí ionadaíocht air/uirthi ar an bpainéal, ní mór do mhúinteoir ar bith eile, a bhfuil suim acu dul ar an bpainéal, a s(h)easamh a chur in iúl don Chathaoirleach laistigh de chúig lá oibre.

Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh breithniú ar an iarratas ón mball foirne. Is é an Pátrún a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir le múinteoir a ligean isteach ar an bpainéal agus inseofar na cúiseanna don Phátrún nuair atá sé beartaithe duine eile a chur in áit an mhúinteora incháilithe is sóisearaí.

Ní mór Foirm an Phríomhphainéil (MPF) a bheith líonta isteach ag an múinteoir breise atá le cur ar an bpainéal agus ag an gCathaoirleach. Ní mór Foirm an Phríomhphainéil a chur chuig an Roinn faoin 21 Márta 2019.

Folúntais a Chur in Iúl

1. Cé a chaithfidh mé a chur ar an eolas go bhfuil folúntas i mo scoil?

Tá ceanglas ar gach Bord Bainistíochta a oibreoir painéil ábhartha (rúnaí deoise, srl.) a chur ar an eolas 21 Márta 2019 faoi theacht folúntas bhuan agus folúntas téarma seasta don scoilbhliain 2019/20.

Ní mór aon fholúntas buan nó téarma seasta ina dhiaidh sin a chur in iúl laistigh de 5 lá oibre ón dáta is eol don Chathaoirleach nó don Phríomhoide faoin bhfolúntas.

Tá ceanglas ar scoileanna a bhfuil folúntais ranga speisialta iontu agus ar scoileanna speisialta a bhfuil folúntais iontu ar féidir iad a líonadh ón bPainéal Náisiúnta Speisialta, na folúntais sin a chur in iúl don Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí. Ba chóir sin a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig primaryallocations@education.gov.ie laistigh de na creataí ama thuas.

2. Cad é an scéal mura bhfuil rochtain ag mo scoil ar phainéal athlonnaithe?

Ní mór do scoileanna nach bhfuil rochtain ar phainéal athlonnaithe, a gcuid folúntas buan agus téarma seasta go léir a chur in iúl do Rannóg Leithdháileadh Bunmhúinteoirí na Roinne laistigh de na tréimhsí ama céanna a luaitear thuas. Ba chóir é sin a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig primaryallocations@education.gov.ie

3. Cad a dhéanfaidh mé má bhíonn folúntas sealadach (téarma seasta) agam?

Ní mór duit an folúntas sin a chur in iúl don oibreoir painéil laistigh de na frámaí ama a leagtar amach i gCiorclán 0019/2019. Má bhíonn múinteoir ar sealbhóir CID é/í sa bhreis sa scoil, ní mór go bhfanfaidh sé/sí sa scoil agus go nglacfaidh sé/sí leis an

bpost téarma seasta. Má tá buanmhuinteoir ó do scoil ar an bpríomhphainéal athlonnaithe ar mian leis/léi a c(h)earta painéil a chur siar agus glacadh leis an bpost téarma seasta don scoilbhliain 2019/20, is féidir leis/léi é sin a dhéanamh. Seachas sin caithfear é a chur ar fáil, más gá, le líonadh ag buanmhúinteoir/múinteoir CID ar bith eile sa bhreis atá ar an bpríomhphainéal athlonnaithe.

4. Más post MOS cnuasaithe é mo phost conas a líonfaidh mé é?

Ba chóir duit an post a thairiscint don fhoireann sa scoil bhunáite ar dtús. Má roghnaíonn ball foirne a bheith ina m(h)úinteoir MOS líonfar an folúntas iarmhartach tríd an bpríomhphainéal athlonnaithe ábhartha.

Mura mian le múinteoir ar bith sa scoil bhunáite glacadh leis an bpost MOS ba chóir é a thairiscint do na múinteoirí ábhartha sna scoileanna sa chnuasach. Má roghnaíonn múinteoir as ceann de na scoileanna sin glacadh leis, bogfaidh sé/sí go dtí an scoil bhunáite agus líonfar an folúntas iarmhartach tríd an bpríomhphainéal athlonnaithe. Mura roghnaíonn múinteoir ar bith sna scoileanna sa chnuasach an post MOS a líonadh, líonfar é tríd an bpríomhphainéal athlonnaithe.